Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Aibreán 2022
(OR. en)

8409/22

LIMITE

CORLX 375
CFSP/PESC 525
CYBER 129
JAI 522
FIN 462

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, arna shíniú ag Stefano SANNINO, an tArdrúnaí |
| dáta a fuarthas: | 25 Aibreán 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2022) 105.

Faoi iamh: HR(2022) 105

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 25/4/2022**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

**HR(2022) 105**
*Limited*

PUBLIC

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an [ll/mm/2022]**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/797 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Bealtaine 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/797 ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

(2) Tá feidhm ag Cinneadh (CBES) 2019/797 go dtí an 18 Bealtaine 2022. Ar bhonn athbhreithniú, ba cheart síneadh a chur le bailíocht an Chinnidh sin go dtí an 18 Bealtaine 2025 agus ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha a leagtar amach ann go dtí an 18 Bealtaine 2023.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2019/797 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10 de Chinneadh (CBES) 2019/797:

‘Airteagal 10

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 18 Bealtaine 2025 agus coinneofar faoi athbhreithniú leanúnach é. Beidh feidhm ag na bearta a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, go dtí an 18 Bealtaine 2023.’.

[1] Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit (IO L 129I 17.5.2019, lch. 13).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC